C/2024/7183

26.11.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES)2024/2936 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2019/1890 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir

(C/2024/7183)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na ndaoine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2936 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 ón gComhairle [3], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine arna n-ainmniú sna hiarscríbhinní thuasluaite, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh, gur cheart do na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1894, agus i Rialachán (AE) 2019/1890 leanúint d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine sin.

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach (féach Airteagal 9 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, roimh an 1 Iúil 2025, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chinneadh (CBES) 2019/1894, arna leasú le Cinneadh (CEBS) 2024/2936, agus le hAirteagal 12(4) de Rialachán (AE) 2019/1890.

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

(1) IO L 291, 12.11.2019, lch. 47.
(2) IO L, 2024/2936, 26.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2936/oj.
(3) IO L 291, 12.11.2019, lch. 3.